C/2024/4878

31.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11638 – TPG / AAREON)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4878)

1. An 24 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TPG Inc. ('TPG', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Aareon AG ('Aareon', an Ghearmáin) faoi rialú comhpháirteach Aareal Bank AG (an Ghearmáin) agus Advent International L.P. (Stáit Aontaithe Mheiriceá) faoi láthair.

Gheobhaidh TPG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Aareon ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda bainistíochta sócmhainní malartacha é TPG ag a bhfuil sraith éagsúlaithe straitéisí infheistíochta, lena n-áirítear cothromas príobháideach, infheistíocht tionchair, creidmheas, réadmhaoin, agus réitigh mhargaidh,

— Is soláthraí bogearraí, comhairleachta agus córas TF é Aareon le haghaidh na hearnála réadmhaoine, go háirithe i gcás Córais Pleanála Acmhainní Fiontraíochta maidir le Bogearraí mar Sheirbhís.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11638 – TPG / AAREON

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË